Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6466/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0322(COD)**

**CODEC 254**
**POLCOM 58**
**COMER 29**
**COLAC 26**
**AGRI 126**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 8 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 10 Feabhra 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 13733/25 + ADD 1.
[2] 6232/26.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 56/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne, agus an Bheilg agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

- a chinneadh go bhfoilseofar an ráiteas atá in Aguisín 1 i Sraith C in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle sna hAguisíní a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.